

## **Achoimre ar Mhiontuairiscí**

**Bord Stiúrtha Glór na nGael**

**26 Samhain 2019**

**3.00 i.n.**

### **Ráth Chairn, Co. na Mí**

**I láthair:** An tAthair Séamas Ó hÉanaigh, An tUas Damien Ó Néill, An tAthair Tadhg Furlong, an Dr Máire Ní Chíosáin, an Dr Máire Ní Annracháin, Niamh de Búrca, Colm Mag Uigínn, Dónall Ó Cnáimhsí.

**Ag freastal:** Lorcán Mac Gabhann (Ceannasaí), Eoghan Mac Cormaic (Miontuairiscí)

**Leithscéalta** an tUas Pat Carey

### **Ceadú an Chláir**

Ceadáíodh clár an chruinnithe. Aontaíodh go bhfeidhméodh an tAth. Ó hÉanaigh mar chathaoirleach an chruinnithe. Chuir sé fáilte roimh Niamh de Búrca agus Dónall Ó Cnáimhsí chuig a gcéad chruinniú.

### **Coimhlint leasa nó dilseachta**

D'iarr an Cathaoirleach ar bhaill an Bhoird a léiriú aon chomhlintí leasa ná dilseachta a bhí acu ar aon mhír ar an chlár.

### **Ní raibh aon choimhlint le nótaíl**

### **Treo Stráiteiseach Fhoras na Gaeilge**

Roinneadh cóip den cháipéis mar eolas do na ball. Fiafraíodh an mbeadh deis tuairimí a léiriú faoin cháipéis agus dúirt an Ceannasaí go bhféadfadh Glór na nGael aighneacht a dhéanamh más mian leis an Bhord.

### **Pearsanra**

Pléadh roinnt ceisteanna pearsanra ina measc an gá a bhí le polasaí oifigiúl comhroinnte poist, an próiseas earcaíochta reatha agus ról an Leas-Cheannasaí. Aontaíodh go gcuirfí dréacht polasaí ar chomhroinnt poist os comhair an chéad chruinniú eile den Bhord Stiúrtha

## **Tuairisc ar baint amach spriocanna na bliana 2019**

Scaipeadh cóip de thaifead baint amach spriocanna cothrom le dáta.

## **Plean Feidhmeach 2020**

Pléadh an Plean Feidhmeach 2020 agus thug an Ceannasaí léiriú ar obair na heagraíochta don bhliain 2020. Aontaíodh ar an bplean a sheoladh chuig Foras na Gaeilge ach de bharr easpa ama, go bpléifí cur i bhfeidhm Plean 2020 ag an gcéad cruinniú den Bhord

## **Ráiteas Caiteachais agus Ioncain**

Pléadh an ráiteas caiteachais agus ioncam cothrom le dáta. Léirigh an Ceannasaí go raibh caiteachas ar sprioc leis an buiséad aontaithe, seachas an t-athdháileadh a bhí idir caibidil leis an Fhoras.

## **Tuairisc ón CII**

Pléadh comhfhreagras ó Chathaoirleach an CII.

## **Clár measúnaithe rioscaí.**

Thug an Leas-Cheannasaí uasdatú ar an Chlár Measúnaithe Rioscaí, aontaíodh ar trí mhír a bhaint den chlár reatha agus a bhogadh go dtí an chartlann rioscaí stairiúla.

## **14. Tuairiscí ón dá Fhóram inmheánach atá bunaithe ag Ghlór na nGael- Fóram Aiseolais Seirbhís Pobail & Fóram Aiseolais Seirbhísí Teaghlaigh**

Thug an Ceannasaí uasdatú ar oíche eolais agus pleanála a eagraíodh leis an dhá fhóram i Múineacháin.

## **17 & 18. Stráitéis Fhiontraíochta agus Gradam Gnó Náisiúnta**

Thug an an Stiúrthóir Niamh de Búrca, atá mar chathaoirleach ar an ghrúpa oibre i dtreo Gradam Gnó Náisiúnta, tuairisc ghairid ar dhul chun cinn na gcruinnithe. Tuairiscíodh go bhfuil dóchas Córas nua Gradam a bheith ag feidhmiú i dtreo deireadh 2020. Is iad an Ceannasaí agus Leas-Cheannasaí atá ag obair ar an mhír oibre seo.

## **Torthaí an Chomórtais náisiúnta**

Tugadh tuairisc ar mholtóireacht 2019, agus go raibh cúig choiste páirteach sa tarna bhabhta moltóireachta. Fógrófar Buaiteoir na Bliana ag an Bhronnadh i mí na Márta, agus scaipfear liosta buaiteoirí eile atá faoi rún go dtí Mí Eanáir. Pléadh Gradam Ghlór na nGael 2019. Aontaíodh gur rud maith é gur bronnadh an Gradam ar bheirt i 2019 agus pléadh ainmneacha don Ghradam i 2020.

### **Comórtas Nua**

Thug an Leas-Cheannasaí uasdátú ar obair atá ar siúl leis an fhoireann ag plé critéir na réimsí sa chomórtas nua, agus ceardlanna oibre a bheidh ar siúl i Mí Eanáir agus Mí Feabhra le foireann Ghlór agus le coistí.

### **Deontais Fhondúireacht Sheosamh Mhic Donncha**

Tugadh tuairisc ar bhabhta 3 na ndeontas:

Dáileadh €22,000 sa triú bhabhta agus ar 66 chlub

Dáileadh €82,000 i mbliana

Is ionann sin agus infheistíocht de €123,000 i gcúrsaí Gaeilge na gclubanna i mbliana

### **Boinn Sheosamh Mhic Dhonncha**

Tugadh tuairisc ar bhronnadh na mbonn atá á eagrú ar an oíche Bhronnta a bheidh ar siúl i bPáirc an Chrocaigh ar an 17 Nollag.

Bronnfar:

26 bhonn Cré Umha

9 mbonn Airgead

2 bhonn Ór

### **Tuairisc ar obair sa réimse Teaghlaigh**

Scaipeadh tuairisc ar obair cothrom le dáta sa réimse teaghlaigh agus imeachtaí beartaithe go dtí deireadh na bliana.

Scaipeadh tuairisc chothrom le dáta ar an obair thaighde atá le déanamh ar líon agus ar láthair na dteaghlach atá ag tógáil a gclann le Gaeilge.

### **Cruinnithe 2020**

#### **Aontaíodh na dátaí agus ionaid seo a leanas do chruinnithe an Bhoird le linn 2020**

29 Eanáir, 14.00 Ráth Chairn

27 Márta, 14.00, Ard Mhacha

20 Bealtaine, 13.00 Áth Troim

20 Bealtaine, Cruinniú Cinn Bliana, 15.00, Áth Troim

24 Iúil, 14.00, Ráth Chairn

30 Deireadh Fómhair, 14.00, Gaillimh

9 Nollaig, 14.00, Ráth Chairn

### **Céad chruinniú eile**

29 Eanáir, Ráth Chairn, 2020, 14.00 i.n.